



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 3 2013

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 26 Samhain 2013

Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 3 2013	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,899,300	+ 58,000
Dífhostaithe	282,900	- 41,700
Sa Lucht Saothair	2,182,100	+ 16,300
Níl sa Lucht Saothair	1,410,700	- 19,000

Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 3.2% nó 58,000 sa bhliain chuig an tríú ráithe de 2013, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,899,300.
- Ar bhonn choigeartú séasúrach, tháinig méadú 22,500 (+1.2%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann sé seo ar aghaidh ó mhéadú coigeartaithe séasúraigh de chuid 13,500 (+0.7%) i bhfostaíocht i R2 2013.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 13.6% go 12.8% i gcaitheamh na ráithe.
- Laghdaigh dífhostaíocht faoi 41,700 (-12.8%) sa bhliain go R3 2013, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 282,900.
- Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 8.9% go 7.6% i gcaitheamh na bliana go R3 2013. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 58.4% den dífhostaíocht iomlán i R3 2013 i gcomparáid le 59.5% bliain roimhe sin agus 58.4% sa tríú ráithe den bhliain 2011.

Lucht Saothair

- Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa tríú ráithe den bhliain 2013 cothrom le 2,182,100, arb ionann sin agus méadú de chuid 16,300 (+0.8%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R3 2013 agus 1,410,700, laghdú de chuid 19,000 (-1.3%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cs0.ie
www.cs0.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise dean teagmháil le
Brian Ring ag 021-453 5747 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491
Facs 021 453 5492
R-phost labour@cs0.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

26ú Samhain 2013

– CRÍOCH –